

18/09/23

PREASRÁITEAS

Tuarascáil Bhliantúil á foilsiú ag Údarás Uchtála na hÉireann; sonraítear inti tabhairt isteach an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

***Tá sonraí sa tuarascáil maidir le breis agus 2,500 iarratas ar fhaisnéis faoi
Acht na bliana 2022; déantar athdhearbhú inti ar obair leanúnach an Údaráis
i ndáil le gach gné den uchtáil***

Baile Átha Cliath, 19 Meán Fómhair 2023. Inniu d'fhoilsigh Údarás Uchtála na hÉireann a [Tuarascáil Bhliantúil](#) i leith 2022, ina bhfuil sonraí maidir le cur i bhfeidhm an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, spriocanna a baineadh amach i rith na bliana agus mar tá i gceist aige aghaidh a thabhairt ar an mbliain atá romhainn.

Sa tuarascáil, atá á cur faoi bhráid Roderic O’Gorman TD, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, tugtar staitisticí agus figiúirí i leith na bliana ar fud réimse ábhar agus ceanteideal a bhaineann le gach gné den phróiseas uchtála.

I measc roinnt príomhfhiúirí sa tuarascáil tá siad seo a leanas:

- Fuair an tÚdarás 110 iarratas uchtála in 2022, agus deonaíodh 102 Ordú Uchtála i rith na bliana.
- In 2022, rinneadh 170 iontráil i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha ar bhun iarratais ar uchtálacha a aithint.
- Idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag, fuair an tÚdarás 2,570 iarratas ar theastais bhreithe agus ar fhaisnéis faoi chúinsí breithe, faoi luathbhlianta saoil, faoi chúram agus faoi chúrsaí leighis faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022.
- Chláraigh 1,944 duine a gcuid sonraí ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála (CST) idir 2021 agus 2022; 540 duine a chláraigh a gcuid sonraí sna 12 mhí roimhe sin.
- Fuair an tÚdarás 108 iarratas ar rianú sna trí mhí dheireanacha den bhliain. Bhí 81% díobh sin leithdháilte ar oibrí sóisialta faoi dheireadh na bliana.
- Tháinig méadú faoi dhó beagnach ar fhoireann an Údaráis in 2022. Méadú sealadach a bhí ansin den chuid is mó, chun iarratais ar fhaisnéis bhreithe a phróiseáil.

Thug Orlaith Traynor Uasal, Cathaoirleach an Bhoird, súil siar ar an mbliain seo caite, agus leag sí béim ar an tionchar a bhí ag an Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022 ar an obair a dhéanann an tÚdarás: “Athrú ollmhór ó thaobh cúrsaí uchtála a bhí sa reachtaíocht nua agus chuir an Bord fáilte fionnmhar roimpi. Le blianta fada anuas, diúltaíodh rochtain ar a dteastas breithe agus ar fhaisnéis faoina gcúinsí breithe, faoi chúrsaí leighis agus faoi chúram i luathbhlianta a saoil do dhaoine a uchtaíodh anseo in Éirinn. Dearbhaíodh sa reachtaíocht nua an ceart atá ag daoine uchtaithe chun faisnéis a fháil maidir lena gcéannacht agus a mbunadh, nuair atá a leithéid ar fáil.

Cuireadh an Clárú Shainroghanna Teagmhála, atá i bhfeidhm le roinnt blianta, ar bhonn reachtúil freisin. D'fháiltigh an Bord roimh an líon mór iarratas a fuarthas, líon a bhí níos mó ná mar a ceapadh.”

Ag tagairt di don príomhsprioc straitéiseach a leagtar amach i bPlean Straitéiseach 2022 – 2024 an Údaráis, duit Orlaith Traynor Uasal: “Táim ag tnúth le leanúint lenár misean a chur chun cinn maidir lena chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir i bhfeidhm sna seirbhísí a bhaineann le huchtáil, i rith an phróisis uchtála a mhaireann ar feadh an tsaoil, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir, agus, i dtaca leis sin, leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh na spriocanna a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach, is é sin aitheantas a bheith againn mar lárionad barr feabhais agus mar phríomhfhoinsé údarásach faisnéise ar gach gné den uchtáil agus mar sholáthraí agus rialtóir seirbhísí uchtála ar ardchaighdeán.”

Dúirt an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Roderic O’Gorman T.D.: “Cuireann sé an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Údarás Uchtála na hÉireann le haghaidh 2022 a fháil. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord, leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach agus le foireann uile an Údaráis as a gcuid iarrachtaí iontacha i rith na bliana seo caite agus i mbliana go dtí seo. Ba mhaith liom go mór mór béim a leagan ar obair leanúnach an Údaráis chun an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú a chur i bhfeidhm. Tugaim chun cuimhne an feachtas eolais poiblí ar éirigh go hiontach leis agus seoladh an chláir um shainroghanna teagmhála a thacaigh le hoscait seirbhísí faisnéise agus rianaithe faoin Acht i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo caite. Tá mo Roinn ag tnúth le bheith ag obair agus ag tacú leis an Údarás arís i gcaitheamh na bliana atá amach romhainn agus iad ag seachadadh a misin agus a bplean straitéisigh.”

Arsa Colm O’Leary, an Príomhfheidhmeannach Eatramhach, “Mhéadaigh líon na mball foirne san Údarás ó 29 go 52 duine i rith na bliana chun comhlíonadh a dhéanamh ar a chuid feidhmeanna, idir sean agus nua, faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Is poist shealadacha iad a lán de na poist nua a cruthaíodh, áfach. Bhí an-áthas orm freisin a thabhairt ar aird go bhfuil an líon iomlán oibrithe ag obair san Fhoireann Oibre Sóisialta – dáréag gairmí. Tá beagnach 65% de na hiarrataí rianaithe ar fad sannta don fhoireann sin anois.”

Agus an tuarascáil á foilsiú, d’fháiltigh an tUasal O’Leary freisin roimh an scéala go raibh an tÚdarás tagtha suas anois le próiseáil an riaráiste iarratas ar scaoileadh faisnéise agus go ndéileálfar sna seachtainí amach romhainn leis an 127 iarratas deiridh as 3,800 iarratas a fuarthas.

“Tuigean Bord agus foireann an Údaráis go bhféadfadh sé go raibh iarratasóirí ag fanacht leis an bhfaisnéis sin le blianta fada. Tá ríméad orm gur gearr go mbeidh an tÚdarás ag tabhairt freagra ar iarratais ar fhaisnéis laistigh de na tréimhsí ama a leagtar síos sa reachtaíocht. Táimid an-aireach ar a thábhachtaí atá an fhaisnéis sin do dhaoine a uchtáíodh, a cuireadh ar altranas nó ar iostas, nó nár cláraíodh a mbreith i gceart. Is oth liom gur fhág an borradh a bhí faoi líon na n-iarratas ar dtús gur cuireadh moill ar scaoileadh faisnéise i gcás a lán daoine agus is mór agam an tuiscint a léirigh na daoine sin a d’iarr faisnéis”.

CRÍOCH

Maidir le hÚdarás Uchtála na hÉireann

Is comhlacht neamhspleách garbhreithiúnach é Údarás Uchtála na hÉireann, a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 faoin Acht Uchtála, 2010, faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ). Is é an tÚdarás freisin, de réir Choinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtáil Idir Tíortha, ‘an tÚdarás Lárnach’ i ndáil le huchtáil idir tíortha in Éirinn. Is é cuspóir an Achta Uchtála, 2010 feabhas a chur ar chaighdeán na huchtála baile agus na huchtála idir tíortha araon. Tá Údarás Uchtála na hÉireann ar cheann de dhá chomhlacht stáit a sholáthraíonn na seirbhísí sin. Is é Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an ceann eile.

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le do thoil le:

Karen Meenan, Limelight Communications, karen.meenan@limelight.ie, 01 668 0600, 086 602 7711

Kathryn Byrne, Limelight Communications, kathryn.byrne@limelight.ie, 085 233 6033

Staitisticí foriomlána agus faisnéis ghinearálta ar an Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022

Le haghaidh staitisticí foriomlána a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, déan teagmháil le preasoifig na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ag Media@equality.gov.ie